



Ard-Oifig an Phoist

Réamhrá: Iarrtar ar na daltaí an sliocht seo a leanas a léamh ó www.anpost.ie agus na ceisteanna ar Thráth na gCeist Ard-Oifig an Phoist atá faoi iamh a fhreagairt. Tá focail sa bhanc focal thíos nach raibh taithí ag na daltaí orthu cheana b'fhéidir

Bhí Ard-Oifig an Phoist, ceanncheathrú na seirbhíse poist in Éirinn, i láithreacha éagsúla sular lonnadh í san áit a bhfuil sí faoi láthair, i lár Shráid Uí Chonaill i mBaile Átha Cliath. Is i bhfoirgnimh i bhFaiche an Choláiste a bhí na hoifigí ar dtús, ach i mí Lúnasa 1814 cuireadh tús le tógáil cheanncheathrú shaintógtha. Críochnaíodh an foirgneamh i mí Eanáir 1818, ar chostas £50,000.

Ba é Francis Johnston, ailtire i mBord na nOibreacha Poiblí, a dhearaigh an foirgneamh sa stíl athbheochana Ghréagach. Rinneadh an phríomhroinn le cloch éibhir Chill Mhantáin agus an phóirseáid, struchtúr an dín os cionn an doraic, as cloch Portland.

Is iad na dealbha leis an dealbhóir John Smyth, atá ar an díon: Hibernia, cur i láthair clasaiceach i bhfoirm mná d'oileán na hÉireann, le Dílseacht ar thaobh amháin agus Mearcair (teachtaire na ndéithe) ar an taobh eile.

I rith Éirí Amach 1916, bhí Ard-Oifig an Phoist ar cheann de na trí sainchomharthaí i mBaile Átha Cliath - ba iad na Ceithre Chúirteanna agus Teach an Chustaim na cinn eile - a scriosadh le linn na troda. Atógadh agus athosclaíodh Ard-Oifig an Phoist sa bhliain 1929.

Banc Focal:	Ceanncheathrú	Ard-Oifig	Lonnaithe
Tógadh	Saintógtha	Críochnaithe	Dearadh
Struchtúr	Foirgneamh	Póirseáid	Foirgneamh
Cur i Láthair	Teachtaire	Scriosadh	





Ard-Oifig an Phoist

Gan trácht ar a thábhacht ó thaobh ailtireachta agus mar cheanncheathrú Oifig an Phoist in Éirinn, baineann tábhacht shiombalach le Ard-Oifig an Phoist do mhuintir na hÉireann.

Ba anseo a bhí ceanncheathrú na bhfear agus na mban a bhí rannpháirteach in Éirí Amach na Cásca i mí Aibreáin 1916. Cé gur theip ar an éirí amach sin agus go raibh formhór mhuintir na hÉireann faoi bhrón mar gheall ar an marú agus an scrios a tharla, cuireadh tús le gluaiseacht na saoirse as ar tháinig an Stát nua.

Luan Cásca, 1916:

In Oifig an Phoist, bhí foireann laghdaithe ar dualgas le seirbhísí riachtanacha a sholáthar don phobal. Go díreach tar éis meánlae, tháinig complacht fear a bhailigh le chéile ag Halla na Saoirse isteach sa bhfoirgneamh agus d'ordaigh siad don bhfoireann agus do na custaiméirí imeacht leo.

Thuas staighre, chuir roinnt den bhfoireann teileagrafa agus saighdiúirí gan arm baracáidí ar na doirse agus dhiúltaigh siad imeacht, ach d'fhág siad nuair a caitheadh urchair leo. Bhí na reibiliúnaithe, faoi cheannas Phádraig Mac Piarais agus Shéamuis Uí Chonghaile, faoi thionchar idéal éagsúla, ach iad aontaithe le chéile nach bhféadfaí neamhspleáchas na hÉireann a bhaint amach ach le héirí amach faoi arm. Roghnaigh siad Ard-Oifig an Phoist, croí na cumarsáide sa tír agus lár chathair Bhaile Átha Cliath, mar lárionad le bratach phoblacht na hÉireann a chur in airde.

Fothraigh dóite:

Choinnigh siad a ngreim ar Ard-Oifig an Phoist ar feadh seachtaine. Bhí dianchomhrac in áiteanna eile sa chathair agus sibhialaigh ag fulaingt go mór. Faoi dheireadh, nuair a bhí an foirgneamh trí thine agus ag titim anuas orthu, rinne na reibiliúnaigh iarracht briseadh amach tríd tródam na saighdiúirí a bhí timpeall orthu. Nuair a thuig an Piarsach nárbh fhiú leanúint leis an troid, bheartaigh sé ar ghéilleadh.





Ard-Oifig an Phoist

Banc Focal:	Ailtireacht	Tábhachtach Siombalach Faoi
Bhrón	Scrios	Neamhspleáchas
Spreagadh	Géilleadh	

Ard-Oifig an Phoist: Bileog Thráth na gCeist Ard-Oifig an Phoist

- (1) Cén bhliain ar cuireadh tús le tógáil Ard-Oifig an Phoist ar Shráid Uí Chonaill?
- (2) Cé mhéid a chosain sí?
- (3) Cad iad an dá chineál cloiche a úsáideadh le Ard-Oifig an Phoist a thógáil?
- (4) Ainmnigh an trí dhealbh atá ar dhíon Ard-Oifig an Phoist.
- (5) Cén bhliain inar scriosadh Ard-Oifig an Phoist?
- (6) Cathain ar athosclaíodh í?

Ard-Oifig an Phoist agus Éirí Amach 1916

- (1) Cá raibh ceanncheathrú na bhfear agus na mban a ghlac páirt in Éirí Amach na Cásca i mí Aibreáin 1916?
- (2) Cén lá ar thosaigh Éirí Amach na Cásca?
- (3) Cad iad na hainmneacha a bhí ar an mbeirt fhear a bhí i gceannas ar an éirí amach?
- (4) Cén fhad ar lean an troid in Ard-Oifig an Phoist?
- (5) Cé a d'ordaigh do shaighdiúirí an éirí amach géilleadh?

